

AN TADHBHAR SAGAIRT

Bhí feilméara saidhbhir ann. Chríochnuigh Dia leis gur bhásuigh sé. D’fhan aon mhac amháin ina dhiaidh. Phós máthair an mhic ath-uair. Chuir sí chun coláiste an mac nuair a bhí sé in am aige le sagart a dhéanamh de. D’fhan sé sa gcoláiste go raibh sé in am aige a bheith ina shagart. Tháinig sé gearr in airgead sul a ndearnadh sagart de. Tháinig se go dtí an mháthair ag iarraidh an oiread airgid uirthé agus a thiubhradh amach ina shagart é. “Níl aon phinginn agam” adeir sí. “Tá do leas-athair ar an aonach le beithidhigh dá ndíol, ach tabhair leat cliobóg chapaill ata annseo. Ba le t-athair féin í. Gheobhfaidh tú an oiread seo uirthé.”

“Má fhágaim” adeir sé, “déanfaidh an méid sin mé.”

Thuig sé leis an capall agus dhíol sé í. Tháinig an leas-athair abhaile. Bhí an capall ar iarraidh. D’fíafraigh sé dá bhean cá ndeachaidh an capall agus d’innis sí dó. Fuair sé barrántas ar an adhbhar sagairt gur ghoid sé an capall. Bhí sé ina choir san am sin chomh mór capall a ghoid le duine a mharbhú. Tleigeadh chun a chrochta an t-adhbhar sagairt agus crochadh é.

Sí an eascaine a rinne an mháthair ar an bhfear:

“A mhic Uí Spoláin ná raibh an séan ort

Do chlann mhac nár thaga in éifeacht

Do chlann inghean nár eirighe aon spré leof

Ná raibh máithrín féin aca lena gceann a réidhtheach

Nár theighe mise i léig choidhchin

Agus ar ndóigh rí rachad

Go bhfeicidh mé an sgraith ghlas ar áit do leaptha

Agus nead ag an dreoilín ar bharr do bhalla

Mar is tú an séacla gan bhrígh gan éifeacht

Gan ord gan éadach gan snuadh ná dath

Ach mar bheadh fear bréige ann a’ ruagadh éanlaith

Tusa a bheith gléasta agus a laghad do mhaith.”

Ag á n-a athair Pádraic Breathnach a chuala an sgéalaidhe an giota seo.

San Mám 22/2/1933

I dteach na cúirte